An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

21 Eanáir 2019

A Phríomhoide/Chathaoirligh, a chara,

Táim ag scríobh lena chur in iúl duit, tar éis próiseas comhairliúcháin le páirtithe leasmhara ábhartha an oideachais faoi fhorálacha Ailt 13(8) den *Acht OIdeachais 1998*, tá an tAire Oideachais agus Scileanna, Joe Mc Hugh T.D., tar éis faomhadh a thabhairt do **thús feidhme na gCigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí** i scoileanna, lárionaid oideachais agus suíomhanna foghlama eile le héifeacht ó **01 Feabhra 2019**.

Déanfaidh Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí i sampla scoileanna go bliantúil. Díríonn na cigireachtaí go grinn ar an tslí ina bhfuil boird scoileanna agus baill foirne ag comhlíonadh a gcuid dualgas reachtúla maidir le cosaint agus cumhdach leanaí.

Mar is eol duit, bhí an tuairisciú sainordaithe ar mhúinteoirí maidir le hábhair imní faoi chosaint leanaí mar aon le maoirseacht bhreise ar shocruithe do chosaint leanaí i scoileanna mar chuid de raon athruithe a tháinig i bhfeidhm le teacht isteach na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna* i mí na Nollag 2017. Tá soláthar déanta sna *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna 2017* don chigireacht ag Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna ar fheidhmiú na nósanna imeachta um chosaint leanaí i scoileanna.

Tugadh isteach dhá leibhéal sa tseiceáil chigireachta ar fheidhmiú na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna* i mí na Nollag 2017 agus i mí an Mhárta 2018. Cuireann Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí leibhéal breise seiceálacha ar fáil maidir le cur i bhfeidhm na Nósanna Imeachta 2017 i scoileanna.

Is iad aidhmeanna na gCigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí ná:

- Barrchleachtas a chothú maidir leis na socruithe do chosaint leanaí a chur i bhfeidhm i scoileanna
- Monatóireacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna 2017* i sampla scoileanna go bliantúil
- Tuairiscí scríofa a fhoilsiú ar fheidhmiú na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna 2017* sa sampla scoileanna ar a ndearnadh cigireacht
- Tuairisciú don Rannóg Scoileanna agus do Ghrúpa Maoirseachta maidir le Cosaint Leanaí (CPOG/CMCL) na Roinne Oideachais agus Scileanna ar a mhéid agus atá na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna (2017)* curtha i bhfeidhm sa sampla scoileanna ar a ndearnadh cigireacht
- Eolas a bhailiú mar bhonn don fhorbairt ar riachtanais um chosaint agus chumhdach leanaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus aon ranna agus gníomhaireachtaí rialtais eile atá gafa le cosaint leanaí.

Tá an creat meastóireachta do na Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí bunaithe ar na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna 2017*. Clúdaíonn na cigireachtaí deich gcinn de sheiceálacha uileghabhálacha, agus tá fo-sheiceálacha ag baint le gach ceann acu seo. Tá fáil ar an gcreat cigireachta sa treoir atá foilsithe, *Treoir do Chigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí*, atá ar fáil ag www.education.ie.

Mar ghnáthnós, tabharfar réamhfhógra idir 24 agus 48 n-uaire an chloig ar Chigireacht um Chosaint agus Chumhdach Leanaí. Coimeádann an Chigireacht an ceart aici féin, áfach, cigireachtaí a dhéanamh gan aon réamhfhógra.

I ngach scoil a roghnaítear do chigireacht um Chosaint agus Chumhdach Leanaí, tarlóidh dhá chigireacht – Cigireacht **Thosaigh** um Chosaint Leanaí agus Cigireacht **Dheiridh** um Chosaint Leanaí. De ghnáth, ní bheidh ach idir ceithre agus sé seachtainí idir na cigireachtaí seo.
Foilseofar tuairiscí ar leith do gach ceann den dá chigireacht ina gcuirfear san áireamh freagairtí na scoile. Toisc go mbeidh dhá chigireacht i gceist ciallófar gur féidir leis an scoil freastal ar aon easnaimh nó aon laigí a aithnítear sa Chigireacht Thosaigh faoin am go ndéantar an Chigireaht Dheiridh. Déanfar an dá thuairisc chigireachta a fhoilsiú ag an am céanna.

Le linn na gcigireachtaí, déanfaidh cigirí:

- Plé ar bhealach fócasaithe le daltaí bunscoile faoina bhfoghlaim san Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus Bí Sábháilte agus le scoláirí iar-bhunscoile faoin OSPS agus faoi Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG). Beidh cead i scríbhinn faighte roimh ré ó thuismitheoirí agus ó scoláirí iar-bhunscoile maidir le rannpháirtíocht foghlaimeoirí i bhfócasghrúpaí leis na cigirí.
- Cuireadh a thabhairt do gach tuismitheoir sa Chigireacht Thosaigh um Chosaint Leanaí chun suirbhé tuismitheora ar líne a chomhlánú a dhéanann iniúchadh ar cheisteanna bainteach le feasacht na scoile agus le feasacht na dtuismitheoirí ar nósanna imeachta na scoile maidir le cosaint leanaí, mar aon le nósanna imeachta frithbhulaíochta na scoile
- Cruinniú a thionól le baill de chomhlachas tuismitheoirí na scoile mar chuid den Chigireacht Dheiridh um Chosaint agus Chumhdach Leanaí
- Cruinnithe a thionól le:
    - Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) agus/nó Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe na scoile
    - Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta
    - Sampla de phearsana na scoile
    - An múinteoir sa scoil atá mar chomhordaitheoir ar OSPS (más cuí)
- Athbhreithniú ar na doiciméid seo a leanas:
    - Miontuairiscí an bhoird bhainistíochta
    - Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus Measúnú Riosca na scoile
    - Pleananna scoile ábhartha, cuntais mhíosúla (bunscoileanna) agus eolas faoin gclár ama (iar-bhunscoileanna)
- Athbhreithniú ar na taifid um chosaint leanaí.

I ndiaidh na cigireachta:

- Cuirfear aiseolas ó bhéal ar gach cigireacht chuig na pearsana scoile ábhartha mar aon le tuairisc scríofa ar thorthaí na cigireachta ina ndéanfar cur síos ar leibhéal comhlíontachta na scoile ar gach ceann de na deich seiceálacha uileghabhálacha.

- Foilseofar na tuairiscí uile ar Chigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí, ó na Cigireachtaí Tosaigh agus Deiridh araon, ar láithreán gréasáin na Roinn Oideachais agus Scileanna.

Déantar Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí i gcomhréir le halt 7(2)(b) agus alt 13(3)(a)(i) den *Acht Oideachais 1998* agus den *Cód Cleachtais don Chigireacht* (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2015) atá ar fáil ag www.education.ie. Le linn na cigireachta, beidh sé mar dhualgas ar bhord agus ar fhoireann na scoile 'gach saoráid agus gach comhoibriú réasúnach' a thabhairt don chigire agus é/í i mbun oibre (Alt 13(7), *An tAcht Oideachais 1998*).

Déanann an *Treoir maidir le Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí* cur síos ar an tslí ina ndéantar na cigireachtaí agus tá fáil uirthi ag www.education.ie.

Is cúis áthais dom a chur in iúl duit go mbeidh sraith seimineár réigiúnacha á sholáthar ag an gCigireacht do phríomhoidí bunscoile agus iar-bhunscoile ar na Cigireachtaí Nua um Chosaint agus Chumhdach Leanaí sna seachtainí atá le teacht agus go bhfuil seisiúin eolais breise ar na cigireachtaí nua á bpleanáil do mhí Bealtaine agus Meithimh 2019. Beidh cur i láthair faoi na Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí á thabhairt ag an gCigireacht freisin ag comhdhálacha náisiúnta a bhíonn eagraithe ag údaráis bhainistíochta agus ag eagraíochtaí príomhoidí. Cuirfimid podchraoltaí ar fáil freisin ar láithreán gréasáin na Roinne ina mbeidh eolas ar fáil do mhúinteoirí, príomhoidí agus baill bhoird bhainistíochta faoi na cigireachtaí.

Tá súil agam go mbeidh an t-eolas seo cabhrach duit.

Le dea-mhéin,

Harold Hislop
Príomhchigire

21 Eanáir 2019